

I dTreo Straitéis Forbartha Fiontraíochta

10 Deireadh Fómhair 2018



Réamhrá

Is í sprioc na straitéise atá beartaithe ná:

Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san earnáil ghnó agus fiontraíochta.

Aithnítear dhá mhór-réimse gnónna agus fiontraithe a mbeadh an Straitéis seo dírithe orthu:

- A. Iad siúd a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu earraí Gaeilge a tháirgeadh agus/nó seirbhísí Gaeilge a sholáthar.
- B. Gnólachtaí/fiontraithe atá ag cur na Gaeilge chun cinn nó ag úsáid na Gaeilge ina gcuid tráchtála go tánaisteach.

Déantar, dá bharr, dhá chuid den straitéis sa chaipéis seo,

Catagóir A - gnólachtaí/fiontraithe a úsáideann an Ghaeilge go príomha ina ngnó

Catagóir B - gnólachtaí a bhaineann úsáid thánaisteach aisti.

Mar thaca don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010–2030 agus do na spriocanna atá leagtha síos d'fhorbairt na heacnamaíochta, tá géarghá le cur chuige aontaithe maidir le conas mar is fearr cur le líon na bhfiontraithe atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus conas mar is fearr na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil dóibh.

Achoimre feidhmeach

Molaimid cúig chéim a bheadh lárnach in aon straitéis le hearnáil na fiontraíochta trí Ghaeilge a chumasú.

- * *Moltar go ndéanfaí anailís ar leibhéal na tacaíochta agus na hinfheistíochta i gcomhair fiontraíocht theanga-bhunaithe i dtíortha eile ina bhfuil mionteangacha ag sreachailt le fiontraíocht sna teangacha sin a thógáil;* ²
- * *Moltar go ndéanfar taighde scópála ar na háiseanna atá á fhorbairt, na seirbhísí atá ar fáil agus ar réimse an 'earnála fiontraíochta Gaeilge' reatha.*
- * *Moltar córas aitheantais le gradaim áitiúla a mhaoiniú a spreagfadh agus a chothódh fás earnáil na fiontraíochta Gaeilge (Catagóir A) agus le gnónna agus seirbhísí a úsáideann an Ghaeilge go tanáisteach ina dtráchtáil (Catagóir B);*
- * *Moltar Cumainn Tráchtála Gaeltachta agus Gaeilge a bhunú agus a mhaoiniú a thabharfadh fócas dóibh siúd atá ag forbairt earraí Gaeilge cheana féin, neamhspleách óna chéile, le go mbeidh torthaí breise ag teacht óna saothar.*
²(Mar atá molta sa **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010–2030**)

Moltar go mbunófaí cistí airgid tacaíochta a spreagfadh fiontraiithe Gaeilge le go bhfásfaidh earnáil na fiontraíochta Gaeilge

Cúlra

☐ “Forbairt na fiontraíochta Gaeilge”

Aithnítear fiontraíocht Ghaeilge mar ghné lárnach den phleanáil teanga agus den fhorbairt pobail. Is é sin go gcuireann sí le hinbhuanaitheacht pobail trí fhostaíocht a chruthú agus trí gheilleagar an phobail a chothú. Sna háiteanna ina bhfuil fiontraíocht Ghaeilge bunaithe méadaíonn sí stádas na teanga go háitiúil agus ag an am céanna déanann sé í a normalú i súile an phobail, i measc na hóige go háirithe.☐Tá fhios againn go bhfuil cohórt áirithe comhluchtaí ag feidhmiú trí Ghaeilge, agus go minic ar mhaithe le forbairt na Gaeilge, sna hearnálacha seo a leanas (agus aithnítear nach bhfuil sé teoranta do na earnálacha seo):

- a. *Turasóireacht chultúrtha;*
- b. *Foilsitheoireacht (leabhair, cluichí, bogearraí, aipeanna, foilsitheoireacht eile);*
- c. *Déantúsaíocht (bréagáin, cuimhneacháin, éadaí, earraí tí mar shampla);*
- d. *Scannánaíocht, taifeadú, agus craoltóireacht;*
- e. *Oideachas lasmuigh den chóras foirmeálta (ranganna, cúrsaí trí Ghaeilge, coláistí sanhraidh);*
- f. *Aistriúchán, profú, ateangaireacht .*

I gcásanna áirithe tá tacaíocht bhreise de dhíth, go háirithe má tá borradh agus forbairt le cinntiú in eanáil na fiontraíochta Gaeilge.

- Gan infheistíocht bhreise ní fiú don fhiontraí, ó thaobh brabúis de, tabhairt faoi fhiontraíocht theanga-bhunaithe. Sa chás sin, ní chuirfear áiseanna ná earraí atá spráíúil agus oideachasúil trí mheán na Gaeilge ar an margadh. Titfidh an t-éileamh dá bharr easpa soláthar agus titfidh an tairgíocht dá bharr an easpa éileamh. Is tuar féinchomhlíontach é sin. ²

Aithnítear, i gcás teangacha atá i mbaol, go bhfuil gá le tacaíocht agus infheistíocht ach nach bhfuil a dhóthain taighde déanta go fóill i gcás na fiontraíochta Gaeilge agus **go bhfuil gá le seo a scrúdú níos doimhne mar thosaíocht.**²

Cuirtear béim faoi leith ar an bhfiontraíocht sa **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010–2030**, mar seo a leanas:

Bunófar sraith tionscnamh agus tacaí Stáit le fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh i measc an phobail a labhraíonn Gaeilge ar bhonn cuideachta, earnála nó áitiúil. Beidh trí chuid i gceist leis an gcur chuige sin:

** Fiontraíocht a spreagadh trí chláir oiliúna, trí chothú gnó, trí chuideachtaí campais agus trí ghréasáin eacnamaíochta a chruthú; ²*

** Tacaíocht a thabhairt do gheilleagar teanga a bheidh ar a chumas na seirbhísí riachtanacha a sholáthar don Stát agus don AE i réimsí cosúil le haistriú, ateangaireacht, múineadh teanga, foilsíú, comhchomhairle teanga agus bainistiú tionscadal, agus an geilleagar sin a fhorbairt. Áireofar ar na bearta tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nua-thionscanta, seirbhísí meantóireachta a chur ar fáil, táirgí a fhorbairt, comhairle a thabhairt faoi mhargaíocht agus faoi chur chun cinn, agus seirbhísí forbartha bainistíochta; agus ²*

** Éire a shocrú mar cheannródaí ó thaobh réitigh teicneolaíochta a chur ar fáil chun seirbhísí ilteangacha a sholáthar ar bhonn costas-éifeachtach. ²Déanfaidh*

Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta éascaíocht freisin do chruthú Cumann Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge. Tabharfaidh an Cumann tacaíocht do ghnóthaí a sholáthraíonn seirbhísí trí Ghaeilge nó a oibríonn trí Ghaeilge agus déanfaidh sé feasacht a mhúscailt i measc an phobail ghnó faoin nasc idir an teanga agus forbairt eacnamaíochta, lena n-áirítear an nasc idir leas eacnamaíochta na Gaeltachta agus stádas na teanga sna ceantair sin, agus an tábhacht a bhain leis an teanga ó thaobh rath cuideachtaí aonair. [?]

. [?]

Gníomhaíochta fiontraíochta inmholta 2018–2022

Mar thús, moltar na gníomhartha seo a leanas a chur san áireamh sa phlean feidhmeannach atá á chur i dtoll a chéile ag Roinn na Gaeltachta leis an gcéad chúig bliana eile den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010–2030, a chur i bhfeidhm.

Gníomh – Taighde

Taighde cuimsitheach a dhéanamh ar chórais agus leibhéal maoinithe d'fhiontraíocht teanga bunaithe i dtíortha eile

Freagrach - Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

Rúnaíocht - Glór na nGael

Gníomh: maoiniú a lorg leis an taighde seo a dhreachtadh agus a dhéanamh agus analaís a dhéanamh air.

Gníomh – Gradaim

Córas le haghaidh Gradaim Aitheantais áitiúla agus náisiúnta a bhunú (Nóta 3)

Freagrach - Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge [?]

Saineolas agus Comhairle - Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo, Gael-Taca

Rúnaíocht - Glór na nGael

Gníomh 1 - grúpa oibre a chur le chéile a d'aontódh ar bhunchritéir an ghradain/na ngradam don dhá chatagóir éagsúla i gcomórtas nua náisiúnta..

Gníomh 2 - léiriú spéise ar bhailte píolóta a chothú tríd cur i láthair leis an Scéimeanna Pobal Gaeilge, na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonra Gaeilge

Gníomh 3 - maoiniú tacaíochta a lorg do riaradh na scéime Gradam Aitheantais

Gníomh – Cumann Tráchtála

Bunú Cumainn Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge (Nóta 2)

Freagrach - Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

Rúnaíocht - Glór na nGael

Gníomh 1 - taighde cuimsithe a dhéanamh ar spéis ghnónna Catagóir A sa Ghaeltacht, nó lasmuigh de, a bheith páirteach i gcumann tráchtála.

Gníomh – Bunú Ciste infheistíochta

D'áiseanna agus d'acmhainní teanga-bhunaithe (Nóta 4)

Freagrach - Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

Rúnaíocht - Glór na nGael

	2018	2019	2020	2021	2022
Taighde Cuimsítheach		€40,000			€40,000

Gradaim Aitheantais	€0	€20,000	€40,000	€40,000	€40,000
Cumann Tráchtála	€0	€50,000	€50,000	€50,000	€50,000
Ciste Infheistíochta	€0	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000

Nótaí

Nóta 1 - Na Rannpháirtithe sa Phróiseas

Gael-Taca

Bíonn Gael-Taca ag obair le scoileanna, lucht gnó agus an pobal i gcoitinne chun an Ghaeilge a chur os comhair daoine agus a neartú i gCorcaigh mar phríomhchathair na Gaeilge sa Mhumhain.

Gnó Mhaigh Eo

Is eagraíocht é Gnó Mhaigh Eo a thugann tacaíocht don lucht gnó i Maigh Eo agus a spreagann iad chun an Ghaeilge a úsáid mar acmhainn eacnamaíochta atá idir luachmhar agus bhrabúsach.

Údarás na Gaeltachta

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta.

Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.

Foras na Gaeilge

Tá Foras na Gaeilge bródúil as a ról i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, thuaidh agus theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an nGaeilge chomh maith leis na tionscadail tacaíochta a chuireann siad ar bun agus cúnaimh deontais a thugann siad do ghrúpaí agus do chomhlachtaí ar fud oileán na hÉireann.

Glór na nGael

Tá Glór na nGael ar cheann de na sé cheanneagraíocht a mhaoiníonn Foras na Gaeilge, agus feidhmímid i bhforbairt pobail agus fiontraíocht agus gnó. Is iad na feidhmeanna a bhaineann le fiontraíocht agus gnó ná:

1. (i) *Forbairt na fiontraíochta sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó sin;* (ii) *Cuidiú le bunú tionscadail eacnamaíochta phobal-bhunaithe agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide iontu trí áiseanna a sholáthar a thacóidh leis sin;*
2. *An pobal gnó a spreagadh le tacú le húsáid na Gaeilge ina gcuid gnóthaí, agus tacaíocht a chur ar fáil.*

Nóta 2 ar Ghníomh – Cumann Tráchtála a bhunú

Costas 2019-2022 €70,000/bliana

Caithfear seo ar chostais an Chumainn a riaradh idir tuarastáil an Bhainisteora agus margaíochta an Chumainn Tráchtála. Caithfear é ar chostais mhargaíochta d'ardchaighdeán agus ar chostas a bhaineann le freastal ar aonaigh dhíolacháin ar nós Aonach Ceardaíochta na Nollag, RDS agus Showcase – Ireland's Creative Expo, RDS, agus mórthaispeántas idirnáisiúnta amháin. *Tugtar faoin gcur chuige coiteann margaíochta seo i réimsí eile, ar nós St George's Market, Béal Feirste agus soláthróirí déiríochta srl.*

Nóta 3 ar Ghníomh 2 – Gradaim aitheantais a bhunú Bliain 1 (2019) – €20,000

Gradaim nua ghnó a thosú i gcúig bhaile nach bhfuil páirteach in aon scéim gradam reatha agus comórtas náisiúnta a bhunú don bhliain 2020.

Bliain 2-4 (2020-2022) – €120,000

Caithfear €20,000 in aghaidh na bliana ar chomórtais áitiúla a bhunú i gcúig bhaile nua gach bliain móide comórtas náisiúnta le duais chiste ag fás go €20,000 in aghaidh na bliana. Faoi 2022 beidh 20 gradam áitiúil á mbronnadh, agus an líon páirteach iontu ag méadú ina dhiaidh sin.

Nóta 4 ar Ghníomh 3 – Ciste infheistíochta d'áiseanna agus d'acmhainní teanga-bhunaithe

Ag teacht leis an múnla atá in úsáid ag COGG d'fhorbairt áiseanna oideachais, bheadh an Ciste Infheistíochta Acmhainne (CIA) dírithe ar fhorbróirí, nach foilsitheoirí leabhar iad, sna réimsí éagsúla, ina measc; bogearraí ríomhaireachta, aistriúchán, ateangaireacht, múineadh teanga do dhaoine fásta, seirbhísí meantóireachta, táirgí a fhorbairt atá teaghlach-bhunaithe, seirbhísí comhairleoireachta margaíochta agus gnó, agus seirbhísí forbartha bainistíochta. Aontófar critéir agus rialacha na scéime níos moille anonn.

Costas 2018 €0 Aontófar bunú, critéir agus rialacha éagsúla an CIA sa chéad bhliain.

Costas 2019 €100,000

Caithfear €10,000 ar riarachán na scéime agus €90,000 ar dheontais infheistíochta. Leagfar béim ar théamaí faoi leith sa dara bliain, m.sh. *bogearraí ríomhaireachta, aistriúchán agus ateangaireacht.*

Costas 2020 €100,000

Caithfear €10,000 ar riarachán na scéime agus €90,000 ar dheontais infheistíochta. Leagfar béim ar théamaí faoi leith sa tríú bliain, m.sh. *forbairt áiseanna don óige agus do dhéagóirí Gaeilge agus Gaeltachta.*

Costas 2021 €100,000

Caithfear €10,000 ar riarachán na scéime agus €90,000 ar dheontais infheistíochta. Leagfar béim ar théamaí faoi leith sa cheathrú bliain, m.sh. *ábhair múinte teanga do dhaoine fásta agus táirgí a fhorbairt atá teaghlach-bhunaithe.*

Costas 2022 €100,000

Caithfear €10,000 ar riarachán na scéime agus €90,000 ar dheontais infheistíochta. Leagfar béim ar théamaí faoi leith sa chúigiú bliain, m.sh. *seirbhísí meantóireachta, seirbhísí comhairleoireachta margáíochta agus gnó, agus seirbhísí forbartha bainistíochta.*